



An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

Tuarascáil Bhliantúil 2014



*ag soláthar
na n-iarrthóirí
is fearr do
cheapachán*



Clár na nÁbhar

Ráiteas an Chathaoirligh	2
Ráiteas an Príomhfheidhmeannaigh	3
01 Foin tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	4
02 Rialáil agus Bainistíocht	6
03 Spriocanna Straitéiseacha agus Éachtaí	10
Aguisíní	30

Ráiteas an Chathaoirligh

Tá áthas orm ar mo shon féin agus ar son mo Bhaill Boird, Tuarascáil Bhliantúil na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí (PAS) don bhliain 2014 a chur i láthair.

Tá sé soiléir ón tuarascáil seo gur líon PAS a lán post éagsúla agus casta go rathúil do chliaint sa tseirbhís phoiblí sa bhliain 2014, agus gur thosaigh siad clár ina raibh feachtais ina raibh líon mór iarratas. Bhí aidhm ann fás inbhuanaithe a bhaint amach agus rinneadh sin sa bhliain 2014, agus tháinig méadú 47% i líon na bhfeachtas a reáchtálaadh i gcomparáid leis an bhliain roimh ré. D'éirigh le PAS i ngach feachtas earcaíochta, an stíl ar leith earcaíochta don tseirbhís phoiblí a choinneáil agus a dhéanamh go gairmiúil agus ar ardchaighdeán, a bhí cothrom agus neamhchlaonta, ina ndearnadh iarracht i gcónaí sár-sheirbhís a sholáthar do chustaiméirí ag shlí nuálach a chinntíonn luach ar airgead.

Tá sé mar phríomh-thosaíocht straitéiseach ag PAS na hiarrthóirí is fearr a sholáthar do chliaint do cheapachán. Lean PAS ag obair le Coiste na gCeapachán Ardleibhéal chun cabhair a thabhairt maidir lena chuid feidhmeanna a chomhlíonadh i dtaca le hearcaíocht oscailte ag an leibhéal is sinsearaí sa Státseirbhís. Rinne PAS gach iarracht na hiarrthóirí is fearr a roghnú do phoist dá leithéid agus léiríonn aiseolas gur éirigh le PAS sa réimse seo.

Sa bhliain 2014 dhírigh PAS ar iarrthóirí ar ardchaighdeán a mhealladh do phoist eile, poist do chéimithe san áireamh. As seo seoladh suíomh gréasáin atá dírithe ar chéimithe, www.gradpublicjobs.ie, chun céimithe ar ardchaighdeán a mhealladh chuig poist ag leibhéal céimithe; d'éirigh thar barr leis an phlean seo maidir le branda PAS a chur chun cinn agus maidir le háit nua a thabhairt do PAS i margadh na gcéimithe.

Sa bhliain 2013, dhírigh PAS go mór ar mheasúnú sa phróiseas, agus cuireadh réimse measúnuithe nua ar líne i bhfeidhm ag tús na bhfeachtas móra. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le tástáil ar líne (rinneadh tástáil ar 99% d'iarrthóirí ar líne). Sa bhliain dheireanach, chuir PAS feabhas ar chastacht na modhanna a húsáideadh nuair a tháinig daoine chun cinn chuig staidheanna níos moille san fheachtas, agus úsáidtear ionaid mheasúnaithe de ghnáth anois d'fheachtais mhóra; chruthaigh na modhanna seo an chosúlacht go roghnaítear an duine is fearr don ról.

I mí Mheán Fómhair 2014, shocraigh an Rialtas go ndéanfaí ceapacháin chuig Boird Stáit amach anseo trí phróiseas oscailte agus trédhearcach agus go mbeadh baint ar leith ag PAS leis an phróiseas sin. In achar an-ghairid cúpla seachtain, d'éirigh le PAS an próiseas riachtanach a chur i bhfeidhm agus seoladh suíomh gréasáin ar leith, stateboards.ie. Tá áthas orm a rá gur phléigh daoine go dearfach agus go bhfuarthas aiseolas an-dearfach faoin tslí nua seo, ról nua agus dúshlánach do PAS.

Le linn 2014, lean PAS ar aghaidh ag tabhairt airde ar aiseolas ó ghrúpaí custaiméirí chun cur le caighdeán agus éifeachtúlacht na seirbhísí a chuireann PAS ar fáil, agus is cúis áthais dom a fheiceáil go bhfuil an díriú seo ar an chustaiméir le feiceáil san obair ar fad atá ar siúl ag PAS.

Tá na baill foirne i PAS tiomanta, solúbtha agus meáite ar an obair agus dírithe ar an tseirbhís is fearr a chur ar fáil do chustaiméirí.

Ba mhaith liom ar son an Bhoird, aitheantas a thabhairt d'obair an Phríomhfheidhmeannaigh, Iníon Fiona Tierney agus d'foireann na hoifige ar fad maidir le seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar do chustaiméirí uile na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

Iníon Judith Eve
Cathaoirleach

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

Tar éis roinnt blianta deacra maidir le cúrsaí eacnamaíochta agus don tír i gcoitinne, tháinig athrú ar chomhráite faoi earcaíocht agus faoi acmhainní a chur ar fáil sa bhliain 2014. Ba léir dár gcliaint agus dár gcomhghleacaithe in acmhainní daonna sa tseirbhís phoiblí go raibh athrú ar siúl agus in ionad a bheith ag díriú ar bheith ag bainistiú agus ag soláthar le foireann oibre laghdaithe, bhí deiseanna ann tabhairt faoi easpa scileanna agus faoi riachtanais maidir le hacmhainní; tallann a thabhairt isteach go tomhaiste agus go héifeachtach. Sa dara cuid den bhliain, díriodh ar acmhainní a chur ar fáil agus ar ghealltanais maidir le hearcaíocht oscailte sa Phlean Athnuachana don tSeirbhís Phoiblí a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2014.

Tharla an t-athrú sa mhargadh agus an t-éileamh sa bhreis ar sheirbhísí a bhaineann le hearcaíocht ag an am céanna a foilsíodh ár Ráiteas Straitéise 2014 - 2016 go luath sa bhliain. Bhí an ráiteas straitéise seo tráthúil mar go dtugann sé creat soiléir maidir le córas níos simplí do PAS chun caighdeán nua a bhaint amach maidir le foinsíú, measúnú, soláthar agus gluaiseacht daoine agus iarrthóirí maithe chuig ról níos casta do chliaint éagsúla.

Déanaimid sár-iarracht ár straitéis a chur i láthair agus a dhaingniú agus a chinntiú go dtuigeann ár bpáirtithe leasmhara ár bpríomh-thosaíochtaí, ár spriocanna feidhmiúcháin agus conas a sholáthróimis ár spriocanna faoi láthair agus sa mheántearma chomh maith agus is féidir.

Tá ár gcaighdeáin ina gcuid lárnach dár straitéis agus de gach a ndéanaimid i PAS. Tá siad tábhachtach agus déanaimid iarracht a chinntiú go dtuigeann ár mbaill foirne iad agus go seasaimid leo maidir le gach a ndéanaimid.

I mbliana agus mar a shonraítear sa tuarascáil seo, bhí roinnt mhaith buaicphointí / éachtaí faoi na cúig réimse tosaíochta straitéiseacha, agus tá siad ar fad leagtha amach sa tuarascáil seo. Tá sé sásta go háirithe leis na nithe seo:

- filleadh ar an mhargadh earcaíochta do Chéimithe agus neart eolais faoina bhfuil á thairiscint againn, suíomh gréasáin nua ar leith do chéimithe agus sár-chomhoibriú lenár bpríomh-pháirtithe leasmhara agus mar thoradh air sin, tuigeann ár gcliaint an tábhacht a bhaineann le foghlaim agus forbairt struchtúrach d'iontrálaithe nua;
- ár bhfreagra do chinneadh an Rialtais go mbeadh PAS i gceannas ar an phróiseas iarratais nua do cheapacháin ar Bhoird Stáit. Cé nach raibh ach sé sheachtain le tabhairt faoin dúshlán, d'éirigh le PAS suíomh gréasáin ar leith a chur ar fáil dar teideal Stateboards.ie, ina bhfuil próiseas láidir maidir le hiarratais agus próiseáil; mar chuid den phróiseas bhí teagmháil shuntasach agus comhaontú leis na páirtithe leasmhara is tábhachtaí agus d'éirigh thar barr leis na baill foirne maidir leis an dúshlán;
- d'éirigh le foireann PAS feachtais mhóra earcaíochta ar nós an Garda Síochána faoi Oiliúint agus Oifigeach Cléireachais sa Státseirbhís, ina raibh na mílte iarratas, an obair sin a dhéanamh ar shlí fíor-ghairmiúil;
- feabhas leanúnach ag plé le réimse ceapachán gairmiúla, teicniúla agus speisialtachta le cliaint éagsúla, go háirithe, an státseirbhís, údaráis áitiúla agus FnaSS chomh maith le saineolas sa bhreis ag forbairt déileáil le héilimh shuntasacha maidir le hacmhainní in áiseanna nua seirbhíse comhroinnte ar nós an Oifig um Sholáthar Rialtais agus Peoplepoint;
- réitigh leanúnacha ríomhaireachta á gcur i bhfeidhm sa phróiseas earcaíochta i gcoitinne lena n-áirítear, tástáil ar líne, táibléid á n-úsáid do bhaill do bhoird roghnaithe chun cabhrú le gearrliostú, nó suíomhanna gréasáin / tairseacha a úsáid i réimsí ar leith m.sh. stateboards.ie agus gradpublicjobs.ie.

Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le baill de Bhord PAS, a thug sár-thacaíocht agus treoir dár n-iarrachtaí i rith na bliana. Gabhaim fíor-bhuíochas don fhoireann anseo i PAS agus do na daoine éagsúla a chuidigh linn le linn na bliana, baill de bhoird roghnaithe san áireamh. Tá mé fíor-bhuíoch do bhaill foirne as an tiomantas agus an solúbthacht a léiríonn ár mbaill foirne i gcinntiú go bpléitear le hiarrthóirí go cothrom, go gairmiúil, go hoibiachtúil agus bunaithe ar chumas. Tá bród orm as na baill foirne sa tslí go mbíonn siad gairmiúil, dírithe ar chaighdeán agus croíúil in ainneoin na ndeacrachtaí suntasacha a bhíonn acu agus iad ag soláthar líon níos mó agus meascán d'obair earcaíochta.

Iníon Fiona Tierney
Príomhfheidhmeannach

01



Faoin tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

Tús

Is í an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an Lárionad Earcaíochta Seirbhíse Comhroinnte don tseirbhís phoiblí agus don státseirbhís agus tá muid freagrach as acmhainní a chur ar fáil trí earcaíocht, ath-implonú agus trí chomórtais ardú céime.

Tá cúrsaí eacnamaíochta ag feabhsú le tamall agus dá bharr sin táthar ag súil go méadóidh an t-éileamh do thallann i scileanna éagsúla agus in earnálacha éagsúla agus sa mhéid sin cuireann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí réimse seirbhísí earcaíochta ar fáil do chliant éagsúla. Díríonn PAS go háirithe ar iarrthóirí a lorg do ról sa Státseirbhís, do na ról is sinsearaí in Údaráis Áitiúla, do phoist cheannaireachta agus do Chomhairligh Ospidéal d’FnaSS, do dhaoine faoi oiliúint don Gharda Síochána agus do phoist mar Cheannasaithe Oifige agus do phoist speisialtachta éagsúla sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí.

Déantar earcaíocht don státseirbhís agus do roinnt foras poiblí eile faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 go dtí 2013 a bhunaigh PAS mar an ghníomhaireacht lárnach earcaíochta don chuspóir seo). Oibríonn PAS faoi cheadúnas ón Choimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) agus tá sí neamhspleách ina gcuid oibre. Comhlíonann PAS Cóid Chleachtais an CPSA i gcinntiú go mbíonn próiseas cothrom agus oscailte d’iarrthóirí ar fad agus cloíonn siad fosta le cé bith reachtaíocht a bhaineann le Comhionannas, Díl Fostaíochta, Saoráil Eolais agus Cosaint Sonraí maidir le próisis earcaíochta agus roghnaithe.

Misean agus Caighdeáin na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí

A bheith mar chéad rogha mar sholáthraí earcaíochta agus foinsithe do sheirbhísí comhroinnte sa tseirbhís phoiblí.

Tá an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí tiomanta do:

- › Cothroime agus Neamhchlaontacht
- › Neamhspleáchas
- › Luach ar Airgead
- › Nuálaíocht agus Feabhsú Leanúnach
- › Comhoibriú agus Comhairliú
- › Sár-Sheirbhís do Chustaiméirí



Rialáil agus Bainistíocht

Bord PAS

Chuir Bord PAS go mór le forbairt straitéiseach agus le rialáil chorparáideach ó bunaíodh an chéad Bhord sa bhliain 2004. Cuireadh Cód Cleachtais le chéile don Bhord de réir “The Combined Code of Corporate Governance” agus An Cód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú”, a d’fhoilsigh an Roinn Airgeadais. Léiríonn sé an reachtaíocht a rialaíonn Oifig na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí i.e. an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004. Leasaíodh an Cód Cleachtais sa bhliain 2014. Tugtar tuairiscí don Bhord ag gach cruinniú faoi ghníomhaíochtaí oibríochtaí, airgeadais agus riosca. Tugann an POF an t-eolas is déanaí faoi na príomhcheistanna straitéiseacha a tharla le linn na tréimhse.

An Coiste Comhairleach Bainistíochta

Bíonn cruinniú ag an Fhoireann Chorparáideach Shinsearach dar teideal An Coiste Comhairleach Bainistíochta (MAC) go foirmiúil uair sa mhí chun ceistanna a phlé go straitéiseach. Is í an Príomhfheidhmeannach a bhíonn mar chathaoirleach ar na cruinnithe. Chomh maith leis na cruinnithe míosúla seo, bíonn cruinniú ag foireann MAC agus ag na bainisteoirí sinsearacha gach seachtain chun gnóthaí oibríochta earcaíochta a phlé chomh maith le gnéithe corparáideacha laethúla an ghnó.

Baill an Bhoird	Baill an Choiste Comhairleach Bainistíochta
Cathaoirleach	Iníon Fiona Tierney, Príomhfheidhmeannach, An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Iníon Judith Eve, Iar-Chathaoirleach Choimisinéirí na Státseirbhíse, Tuaisceart Éireann	An tUasal Pádraig Love, Ceannasaí na Seirbhísí Corparáideacha
Comhaltaí Boird	An tUasal Niall Leavy, Ceannasaí Taighde agus Forbartha Gnó
Iníon Fiona Tierney, Príomhfheidhmeannach, An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	Iníon Áine Gray, Ceannasaí na Seirbhísí Measúnaithe
An tUasal William Beausang, Rúnaí Cúnta, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	Iníon Margaret Mc Cabe, Ceannasaí ar Earcaíocht Ardfheidhmeannach
Iníon Deirdre O Keeffe, Rúnaí Cúnta, An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais	Iníon Mary Flynn, Ceannasaí ar Earcaíocht Ollmhór
An tUasal Paul Lemass, Rúnaí Cúnta, An Roinn Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil	Iníon Michelle Noone, Ceannasaí um Chuardach Feidhmeannach
An tUasal Barry O'Brien, Stiúrthóir Náisiúnta Acmhainní Daonna, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	
An Dr. Eddie Molloy, Comhairleoir AD	
Iníon Anne-Marie Taylor, Comhairleoir AD	
Iníon Eimear Kenny, Ardfheidhmeannach AD	

Struchtúr na hEagraíochta

Comhlíonann Aonad na Seirbhísí Earcaíochta agus Roghnaithe (RSSU) príomhfheidhmeanna na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí. Tá seacht bhfoireann earcaíochta i gceist san RSSU, agus tá Bainisteoir Earcaíochta i gceannas ar gach foireann. Tá speisialtacht ar leith ag gach foireann ach tá an struchtúr solúbtha go leor chun díriú ar acmhainní nuair atá éileamh mór i gceist am ar bith. Bunaíodh foireann speisialtachta atá freagrach as próiseas na mBord Stáit.

Tugann aonaid tacaíochta na hOifige cabhair don RSSU: Seirbhísí Measúnaithe, Cuardach Feidhmeannach, Teicneolaíocht Eolais, An tAonad Airgeadais, Tacaíocht d'Earcaíocht, Aonad na nAcmhainní Daonna, agus an tAonad Tacaíochta Gnó.

An Coiste Iniúchta

Is iad seo thíos baill an Choiste Iniúchta:

Cathaoirleach: Iníon Sylva Langford, Iar-Ard-Stiúrthóir, Oifig an Aire Leanaí

Baill: An tUasal Michael Culhane, Stiúrthóir Feidhmiúcháin Airgeadais agus Seirbhíse, Ceanncheathrú an Gharda

Dochtúir Deirdre O Keffe, Rúnaí Cúnta, An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Ainmní an Bhoird)

An tUasal Brian Murphy, Príomhoifigeach Cúnta, PAS

Leasaíodh Cairt agus Téarmaí Tagartha an Choiste Iniúchta, a léiríonn freagracht agus ról an Choiste Iniúchta, de réir threoir an choiste iniúchta a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa bhliain 2014.

Comhlíonann an Coiste Iniúchta feidhmeanna maidir leis na réimsí seo:

- Rialáil Inmheánach
- Rialáil agus Bainistíocht Riosca
- Iniúchadh Inmheánach
- Iniúchadh Seachtrach
- Bainistíocht Airgeadais
- Feidhmeanna Tuairiscithe

I rith 2014 dhírigh an Coiste ar a ról a fhorbairt maidir le tacaíocht sa bhreis a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta i ngach gné den fheidhm iniúchta inmheánaigh. Cuireadh na réimsí ábhartha den Phlean Iniúchta Inmheánaigh 2013-2015 i bhfeidhm.

Rinneadh iniúchadh ar an Chóras Cuntasaíochta agus Tuairiscithe, agus tugadh tuairisc don Choiste. Tar éis obair a rinne na hIniúcháirí Inmheánacha leis an fhoireann ardbhainistíochta, cuireadh Beartas Bainistíochta Riosca leasaithe agus Clár Riosca Corparáideach leasaithe i láthair. Rinne comhlacht Iniúcháirí Inmheánacha a choinnigh PAS (tar éis próiseas soláthair a dhéanamh) do sheirbhísí iniúchta dá leithéid, na hathbhreithnithe.

Bainistíocht Riosca

D'fhorbair an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí Creat Bainistíochta Riosca agus Beartas Bainistíochta Riosca a oireann don oifig. Bunaíodh Grúpa um Bainistíocht Riosca go hinmheánach le súil a choinneáil ar chur i bhfeidhm agus ar mhonatóireacht an phróisis seo. Feidhmíonn an Grúpa seo faoi na Téarmaí Tagartha faofa. Tuairiscíonn an Grúpa don Choiste Iniúchta Inmheánaigh ag gach cruinniú. Tugtar an t-eolas is úire faoi na rioscaí reatha atá ag an eagraíocht don Bhord ag gach cruinniú.

Leasaíodh an Clár Riosca Corparáideach go hiomlán sa bhliain 2014.

Reáchtáladh ceardlann faoi bhainistíocht riosca do na baill foirne ar fad sa bhliain 2014. Sainaithníodh agus pléadh gach riosca ag an chéad chruinniú eile den Ghrúpa um Bainistíocht Riosca lena chinntiú go raibh sé ar Chlár na Rioscaí san eagraíocht. Sainaithníodh roinnt bheag rioscaí sa bhreis agus socraíodh cad ba cheart a dhéanamh leo.

Cosaint Sonraí


Rinneadh athbhreithniú ar an Chód um Shonraí Pearsanta a Chosaint sa bhliain 2014, agus cuireadh os comhair na mball foirne é ag Seisiún Eolas Gnó; bhí ionadaí ón Choimisinéir um Chosaint Sonraí i láthair ag an seisiún chun an tábhacht a bhaineann le cosaint sonraí a chur i bhfeidhm do bhaill foirne PAS.

03



Spriocanna Straitéiseacha agus Éachtaí na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí

Spriocanna Straitéiseacha




Príomh-phointí maidir le hAthbhreithniú Oibríochtaí 2014


Cuireadh deireadh leis an mhoratóir ar earcaíocht i lár na bliana 2014, agus cuireadh tús le clár pleanáilte maidir le feachtais mhóra.

Bhí aidhm ann fás inbhuanaithe a bhaint amach agus rinneadh sin sa bhliain 2014, agus tháinig méadú 47% ar líon na bhfeachtas a reáchtáladh i gcomparáid leis an bhliain roimh ré. Bhí méadú 141% ar líon na n-iarratas a fuarthas agus méadú 40% ar líon na dtascanna a rinneadh.


Líon na bhFeachtas a Fógraíodh



Líon na n-Iarratas a Fuarthas



Líon na dTascanna



Lean an straitéis maidir le tástáil ar líne agus rinne 50,000 duine na tástálacha ar líne sa bhliain 2014.

Éachtaí sa bhliain 2014

Chuir an moratóir (a bhí i bhfeidhm ó 2008) isteach go mór ar earcaíocht do phoist bhuana seachas i gcásanna ina raibh géar-ghá le hionadaí agus i gcásanna ina raibh ganntanas mór maidir le scileanna. Sa bhliain 2014, reáchtáladh roinnt feachtas ina raibh líon mór iarratas, i gcás cuid acu níor reáchtáladh iad ó thús an mhoratóra, agus mhéadaigh líon na bhfeachtas ar leith inar lorgaíodh feidhmeannach sinsearach nó inar líonadh poist mar gheall ar ‘easpa scileanna’. Bhí ról sa bhreis againn maidir le Boird Stáit.

Tá sé mar phríomh-thosaíocht straitéiseach ag PAS na hiarrthóirí is fearr a sholáthar do chliant do cheapachán. Sa mhéid sin, thug PAS isteach réimse mór measúnuithe ar líne, ag tús na bhfeachtas móra. San áireamh bhí cleachtaidh bhriathartha, uimhriúla agus réasúnaíocht ionductach chomh maith le measúnú de réir suímh.

Rinne an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí forbairt shuntasach maidir le measúnú nuair a tugadh isteach ceistneoirí measúnaithe scileanna ar líne i réimse de na feachtas. D’aithin iarrthóirí go raibh na ceistneoirí seo fóirsteanach agus cabhraíonn siad lena chinntiú go dtéann réimse éagsúil iarrthóirí ar aghaidh chuig an chéad staid eile. Tá réimse ceistneoirí féinmheasúnaithe ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a aithnítear go hidirnáisiúnta go bhfuil siad nuálach agus go gcabhraíonn siad le hiarrthóirí a fháil amach níos luaithe sa phróiseas an bhfuil an ról oiriúnach dóibh.

Chomh maith leis na forbairtí a rinneadh sna trialacha ar líne chun líon mór iarratas a bhainistiú, chuir PAS feabhas le castacht na slite a úsáidtear nuair a thagann daoine chun cinn chuig staideanna níos faide ar aghaidh san fheachtas. Baintear úsáid de ghnáth anois as ionaid mheasúnaithe do gach feachtas ina bhfuil líon mór iarratas agus tá sé cruthaithe go bhfuil cosúlacht níos fearr ann go bhfaighfeadh daoine níos fearr do na poist dá bharr.

Earcaíocht Ardfeidhmeannach

De réir bheartas an Rialtais le roinnt blianta, díreann níos mó ar earcaíocht oscailte chuig na poist is sinsearaí ar fad sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí. Is í an aidhm ghinearálta a chinntiú go bhfuil an líon is mó iarratasóirí fóirsteanacha ar fáil le roghnú agus do cheapacháin sna poist seo. Ní mór an sprioc seo a bhaint amach in am agus go héifeachtach maidir leis an bhuiséad teoranta atá ar fáil do chuardach feidhmeannach. Chun an clár beartais seo a chomhlíonadh, ní mór do PAS iarrthóirí oiriúnacha, ón earnáil phríobháideach chomh maith, agus a bhfuil taithí éagsúil acu, a mhealladh chun iarratais a dhéanamh. Sa bhliain 2014 d’earcaigh muid Ceannasaí d’Earcaíocht Feidhmeannach don fheidhm chun feidhmeannaigh a earcú atá bunaithe go maith cheana, a fhorbairt agus a leasú, de réir na riachtanas d’earcaíocht chothrom agus oscailte.

Líonann an Coiste um Cheapacháin Ardleibhéil (TLAC), Bord agallaimh buan a cheapann an Rialtas, ina bhfuil Cathaoirleach neamhspleách, ceithre ainmní ón earnáil phríobháideach agus ceithre ard-rúnaí ón státseirbhís, cuid mhór de na poist shinsearacha sa Státseirbhís. Le roinnt blianta anois, thug PAS níos mó tacaíochta do TLAC chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh maidir le hearcaíocht oscailte ag leibhéal an Ard-Rúnaí agus an Ard-Rúnaí Cúnta.



D'éirigh go maith le PAS i measúnú bliantúil an NSAI maidir le creidiúnú Sár-Fheabhas Trí Dhaoine

Comhlíonann PAS an gearrliostú agus na staideanna tosaigh den phróiseas roghnaithe do TLAC. Léiríonn an léaráid ar dheis céatadán na n-iarratas a fuarthas ón na hearnálacha éagsúla. Seo thíos líon an bhfeachtas a comhlíonadh le trí bliana:


2014 - 26 Feachtas

2013 - 22 Feachtas


2012 - 20 Feachtas

Léiríonn an léaráid ar dheis líon na ndaoine ón Státseirbhís, Seirbhísigh Phoiblí agus ón Earnáil Phríobháideach a thagann tríd na staideanna tosaigh agus ar cuireadh a n-ainmneacha chun cinn chuig TLAC d'agallamh deiridh.

TLAC % d'Iarratais a Fuarthas – Rannóg



Ainmneacha chuig TLAC - Achar %



Reáchtálann PAS próisis earcaíochta do phoist speisialaithe mar fheidhmeannaigh shinsearacha sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne. Go ginearálta feachtais fhada ina bhfuil trí staid sa phróiseas measúnaithe atá i gceist, (gearrliostú, réamh-agallaimh agus príomh-agallaimh san áireamh), lena chinntiú go meallann an feachtas réimse mór iarrthóirí agus go bhfuil na scileanna agus an taithí chuí atá riachtanach don phost ag an leibhéal cuí, ag an iarrthóir a cheaptar. Tharla na feachtais seo sa bhliain 2015: POF don ÚFT, POF don Chlinic Lárnach Iocshláinteach, POF d'Údarás na mBóithre Náisiúnta, agus Príomh-Choimisinéir do Choimisiún na hÉireann um Chearta Daonna agus Comhionannas.

Sa bhliain 2014 rinne PAS cleachtadh suntasach tagarmharcála le réimse eagraíochtaí ón earnáil phoiblí agus phríobháideach ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. Léirigh an cleachtadh seo go mbaintear úsáid shuntasach as measúnú dian ar fheidhmeannaigh sna staideanna deiridh d'fheachtais d'fheidhmeannaigh shinsearacha. Ar an bhonn seo, agus i gcomhar leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, reáchtáil PAS cleachtadh píolóta sa bhliain 2014 lena fháil amach an gcuirfeadh an tslí seo leis na feachtais. Sé an toradh a bhí ar an chleachtadh go bhféadfadh an tslí seo cur le ról a raibh dúshlán ar leith ag baint leo.

Tá sé mar aidhm ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí 95% de phoist a líonadh. Cé gur baineadh sin amach sa bhliain 2014, bhí deacrachtaí ar leith ag baint le poist speisialtacha áirithe a líonadh. Sa bhliain 2014, rinne muid bainistíocht ar phróiseas earcaíochta do roinnt post speisialtacha, go háirithe le hAD, TE agus Airgeadas ag leibhéal sinsearach i Ranna agus in Oifigí Rialtais agus sa Státseirbhís i gcoitinne. Sna poist seo bhí gá ar leith le hiarrthóirí a raibh taithí shuntasach acu ar cheannaireacht straitéiseach agus ar bhainistiú athruithe. Bhí suim ar leith ag iarrthóirí a fuarthas trí Earcaíocht Ardfheidhmeannach sna poist seo, agus go háirithe nuair a bhí deis ann tionchar a bheith acu ag leibhéal sinsearach in eagraíocht mhór ar nós Roinn Rialtais. Is é an dúshlán atá ann áfach, ná go bhfuil an luach saothair (tuarastal agus leas) a thuilleann na hiarrthóirí faoi láthair i bhfad níos mó ná mar atá ar fáil sa Státseirbhís. Dreasacht mhór roimhe seo ab ea pinsean, ach ní mar sin atá anois mar gheall ar athchóiriú pinsin. Ba léir d'iarrthóirí i gcoitinne gur sár-dheiseanna dóibh na poist seo, agus sula rinneadh teagmháil leo, ní raibh siad ar an eolas go raibh Ranna agus Oifigí Rialtais ag earcaíocht ó taobh amuigh den earnáil phoiblí. De réir mar a thagann feabhas ar an gheilleagar, tuigeann PAS go maith go mbeidh íocaíocht ina fhadhb de réir mar a fhorbraíonn eagraíochtaí san earnáil phríobháideach agus de réir mar a mheallann agus mar a choinníonn siad tallann trí chinntiú go dtugtar íocaíocht mhaith d'iarrthóirí a bhfuil scileanna speisialtacha acu.

Earcaíocht Céimithe

Go luath sa bhliain 2014, bhí comharthaí ann go raibh feabhas agus muinín ag teacht ar ais maidir le héileamh ar phoist agus ar thallann, agus ba léir go raibh iomaíocht sa bhreis ann ar thallann i réimsí éagsúla. Ba léir go mbeadh gá le straitéis chuimsitheach agus shainmhínithe chun go mbeadh PAS in ann teacht ar ais agus a bheith ar fáil do mhargadh na mac léinn.

Rinne PAS athbhreithniú gairid agus cuimsitheach ar mhargadh earcaíochta na mac léinn mar eolas chun straitéis margaióchta d'earcaíocht mac léinn a fhorbairt chomh maith le plean gníomhaíochta dhá mhí dhéag chun iarrthóirí ar ardchaighdeán a mhealladh chuig poist san earnáil phoiblí. Bhí sé mar aidhm aige PAS agus an tSeirbhís Phoiblí a lonnú mar fhostóir tosaigh do chéimithe ar ardchaighdeán in institiúidí tríú leibhéal agus le heagraíochtaí tábhachtacha eile a bheadh ag lorg céimithe.

Ba léir gurbh éigean do PAS tús a chur le líon tionscadal tosaíochta a bhaineann le staidéanna éagsúla de shaolré na hearcaíochta agus na fostaíochta, chun na céimithe cumasacha seo a mhealladh chuig gairmeacha sa tseirbhís phoiblí.

Thosaigh an chéad chéim de seo nuair a seoladh ár suíomh gréasáin nua www.gradpublicjobs.ie atá dírithe ar chéimithe i mí Mheán Fómhair 2014. Seoladh é go straitéiseach ag an am céanna le gníomhaíocht do chéimithe i measc na bpríomh-fhostóirí i margadh na hÉireann agus chomh maith nuair a ghlac PAS páirt in eachtra gairme Grad Ireland agus in eachtraí eile a bhí dírithe go háirithe ar chéimithe i dtús mhí Dheireadh Fómhair. Tá sé mar phríomh-aidhm ag an suíomh gréasáin seo iarrthóirí ar ardchaighdeán a mhealladh agus dul i dteagmháil leo agus eolas tábhachtach a bhaineann leis na buntáistí agus na dúshláin a bhaineann le gairm san earnáil phoiblí a chur ar fáil go héasca dóibh. Acmhainn fíor-thábhachtach is ea an suíomh gréasáin seo do PAS maidir leis an bhranda a fheabhsú agus maidir leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a lonnú arís sa mhargadh nua do chéimithe.

Cuireann an suíomh gréasáin nua an t-eolas is déanaí ar fáil chun daoine a chur ar an eolas agus chun daoine a mhealladh chun smaoinemh ar ghairmeacha i seirbhís phoiblí na hÉireann (m.sh. an Státseirbhís, Údarás Áitiúla agus comhlachtaí seirbhíse poiblí eile). Léiríonn leagan amach úr, ildaite agus soiléir an ghréasáin nua, chomh dáiríre atá PAS teagmháil cheart a dhéanamh leo siúd a bhfuil suim ar leith acu iontu. Léiríonn ábhar agus fócas an tsuímh, an dea-chleachtas sa mhargadh agus léiríonn sé cad atá ar siúl ag na fostóirí móra chun an tallann is fearr a mhealladh.

I mí Mheán Fómhair 2015, nuair a bhí roinnt feachtas tábhachtacha dírithe ar chéimithe ar tí tarlú, d'ardaigh PAS próifíl an bhranda i ngach slí agus dhírigh siad an oiread agus ab fhéidir chuig an suíomh gréasáin gradpublicjobs.ie. San áireamh d'fhreastal PAS ar aontaí gairmeacha i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann chun buaileadh le daoine a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí, duine ar dhuine; fógraí i bpáipéir agus i bhfoilseacháin ar fud na tíre; agus idirghníomhaíocht sna meáin shóisialta is tábhachtaí. Cuireadh ailt sa phreas náisiúnta fosta faoi dheiseanna nua agus faoin leas a bhainfís as smaoinemh ar ghairmeacha éagsúla sa tseirbhís phoiblí.



Chuir PAS na gníomhaíochtaí margáíochta do chéimithe ar fad chun cinn trí agallaimh, trí rudaí a dúirt iontrálaithe le déanaí agus trí íomhánna le déanaí. Nuair a húsáideadh “Aghaidh na Seirbhíse Poiblí” sa tslí seo agus nuair a léiríodh a raibh le rá ag fostaithe seirbhíse poiblí faoina gcuid oibre, chuidigh sé go mór an feachtas margáíochta a mhíniú go pearsanta, rud ar cuireadh leis ag aontaí gairmeacha nuair a bhuaíl cuairteoirí le hiontrálaithe le déanaí mar phiaraí agus nuair a bhí deis acu, deiseanna sa tseirbhís phoiblí a phlé. Chomh maith le sin, do chliaint de chuid PAS, chuir sé le teagmháil, le tuiscint agus le tacaíocht d'earcaíocht na gcéimithe agus maidir le clár forbartha ina bhfuil struchtúr níos fearr do chéimithe.

Tionchar [Gradpublicjobs.ie](http://gradpublicjobs.ie)

Ó seoladh gradpublicjobs.ie (i mí Mheán Fómhair 2014), d'fhéach os cionn 60,000 duine ar an suíomh (go dtí deireadh na bliana 2014), agus as sin cuairteoirí aonair a bhí in 40,000 díobh.

Is léir chomh héifeachtach agus atá an suíomh nua seo nuair a fheicimid go bhfuarthas 5,321 iarratas san fheachtas ardleibhéal seo do chéimithe don tseirbhís phoiblí, sin méadú 99% ar líon na n-iarratas a fuarthas sa bhliain roimhe d'fheachtas speisialtacha do chéimithe (sula raibh an suíomh gréasáin do chéimithe ann). Sa dara feachtas do chéimithe (ag Leibhéal an Oifigigh Feidhmiúcháin), (nach raibh dírithe ar chéimithe amháin, ach go meallann sé roinnt mhaith céimithe), mealladh roinnt mhór iarratas mar a fheictear thíos. Léiríodh roinnt feachtas a bhí níos sonraithe agus níos speisialaithe ar an suíomh sa bhliain 2014, agus san áireamh bhí Céimithe Eacnamaíochta le IGEES (Irish Government Economic and Evaluation Service). Thug feachtais dá leithéid deiseanna sa bhreis do chéimithe den scoth agus a raibh sár-cháilíocht acu, páirt a ghlacadh i bhfeachtais ar díriodh orthu.

Tá líon na n-iarratas d'fheachtais a fógraíodh do chéimithe anuraidh leagtha amach thíos:



An Chéad Chéim Eile

Is mian le PAS www.gradpublicjobs.ie a bhunú mar an acmhainn tosaigh sa mhargadh maidir le heolas agus comhairle do chéimithe san earnáil phoiblí. Tá PAS dírithe anois ar gradpublicjobs.ie a chomhtháthú le hearcaíocht do chéimithe in Éirinn. Le tús maith déanta, líon mór céimithe ar fáil, agus líon mór iarrthóirí ar ardchaighdeán, is mian le PAS a chinntiú go mbeidh an earnáil phoiblí chun cinn de réir mar a dhéanann mic léinn tríú leibhéal agus céimithe, taighde ar dheiseanna gairme in Éirinn agus san Eoraip. Cuirfidh PAS ábhar nua ar gradpublicjobs.ie go rialta chun comhairle agus eolas a thabhairt d'úsáideoirí, do lucht leanta, agus d'iarrthóirí chomh maith le poist agus feachtais nua a fhógairt. Táthar ag díriú go leanúnach ar mhargaíocht ghníomhach ar ghairmeacha sa tseirbhís phoiblí chomh maith le béim mhór agus leanúnach ar na meáin shóisialta, agus dá bharr sin, tá muinín ag PAS go leanfar leis an dea-thoradh a tharla sa chéad chúpla mí.

Feachtais Eile ina raibh Líon Mór Iarratas


Sa bhliain 2014, don chéad uair ón mhoratóir ar earcaíocht, chuir PAS tús le clár mór feachtas earcaíochta ina raibh líon mór iarratas. Reáchtáil PAS réimse tástálacha roghnaithe agus agallaimh do Gharda faoi Oiliúint agus d'Oifigeach Cléireachais, chomh maith leis an fheachtas bliantúil d'Oifigeach Cléireachais Sealadach.

Cuireadh tús le tástáil ar líne do Gharda faoi Oiliúint i mí Eanáir, agus tugadh cuireadh do 24,803 iarrthóir páirt a ghlacadh. Bhí Staid 2 de thástálacha ar líne don 5,004 iarrthóir ar siúl i mí Feabhra, agus tharla Staid 3 (tástálacha faoi mhaoirseacht) i mí Mhárta agus i mí Aibreáin don 600 iarrthóir is fearr; tugadh cuireadh do na hiarrthóirí ar éirigh leo chuig agallaimh i mí Bhealtaine (d'fhreastal 370 iarrthóir). Bhí babhta a dó de thástálacha faoi mhaoirseacht ar siúl i mí Lúnasa (tugadh cuireadh do 431 iarrthóir chuig na tástálacha), agus bhí na hagallaimh ar siúl i mí Mheán Fómhair agus mí Dheireadh Fómhair (bhí 254 i láthair). Rinneadh scrúdú ar cháilíochtaí ar gach iarrthóir ar éirigh leo sular cuireadh 295 ainm chun tosaigh chuig an Garda Síochána sa bhliain 2014.


Chuir 13,177 iarrthóir isteach ar an chomórtas d'Oifigeach Cléireachais Sealadach i 2014 agus chomhlíon 8,908 an ceistneoir ar líne. Líonadh folúntais i gcuid mhaith eagraíochtaí na gcliant ón phainéal seo agus líonadh 1,778 post sa bhliain 2014.

Fógraíodh comórtas chun folúntais bhuana mar Oifigeach Cléireachais i mí Mheithimh agus fuarthas 28,066 iarratas. Bhí an tástáil ar líne ar siúl i mí Iúil, agus bhí an tástáil d'iarrthóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu i mí Lúnasa. Bhí na tástálacha faoi mhaoirseacht ar líne ar siúl i mí Mheán Fómhair don 935 iarrthóir is fearr; tugadh cuireadh chuig agallamh don chéad 555 díobh siúd i mí Dheireadh Fómhair. Líontar gach folúntas Cléireachais buan sa státseirbhís ón fheachtas seo agus líonadh 172 folúntas sa bhliain 2014.

Líon Iomlán Iarratas d'Oifigeach Cléireachais sa bhliain 2014



Iarratais d'Oifigeach Cléireachais Sealadach 2014



● Fireannach ● Baineannach

Earcaíocht do Sheirbhísí Comhroinnte

Bunaíodh aonad i mí Mhárta 2014 chun déileáil leis an éileamh sa bhreis do sheirbhísí earcaíochta ó na heagraíochtaí nua seirbhíse comhroinnte agus próiseáladh líon mór feachtas ina raibh líon mór iarratas; dá bharr sin, chomhlíon PAS riachtanais earcaíochta na n-eagraíochtaí seo.

Tionscadal na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP)

Fuarthas timpeall 970 iarratas do phoist éagsúla agus moladh 133 duine sa bhliain 2014.

Tionscadal Seirbhísí Comhroinnte

Nuair a bhí an Tionscadal OGP beagnach críochnaithe, dhírigh an fhoireann ar earcaíocht do roinnt Oifigigh Seirbhísí Comhroinnte ar son na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. San áireamh bhí Oifig an Phríomhoifigigh Eolais (OGCIO), Oifig na Seirbhísigh Náisiúnta Comhroinnte (NSSO), Lárionad Párolla na Seirbhísí Comhroinnte (PSSC) agus PeoplePoint.


Údaráis Áitiúla

Sa cheathrú dheiridh de 2014 seoladh feachtas náisiúnta do phoist mar Stiúrthóir Seirbhíse. Roimhe seo, rinneadh seo ó fheachtas go feachtas. De bharr an mhoratóra áfach, mhéadaigh líon na bhfolúntas, dá bhrí sin, tugadh isteach plean níos éifeachtaí chun earcaíocht do Stiúrthóir Seirbhísí a lárú chomh maith le painéal náisiúnta a bhunú. Oibreoidh an plean nua mar phiólóta d'fheachtais shinsearacha eile d'earnáil an rialtais áitiúil. Fógraíodh an feachtas go forleathan agus fuarthas 450 iarratas ó dhaoine a raibh taithí éagsúil acu. Tá plé ar siúl maidir le tástáil shíciméadrach a thabhairt isteach do phoist shinsearacha eile le húdaráis áitiúla.

Na Chéad Chéimeanna Eile

Díreoidh an t-aonad Earcaíocht Seirbhísí Comhroinnte anois go háirithe ar earcaíocht do Rialtas Áitiúil. Sa bhliain 2015 seolfar feachtais náisiúnta do ghráid shinsearacha lena n-áirítear Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, gráid Phleanála, gráid Innealtóireachta agus Ailtirí.

Feachtais 2014: lomlán 39



Earcaíocht do Phoist Ghairmiúla agus Theicniúla

D'fhógair am tAonad Gairmiúil agus Teicniúil 69 feachtas le linn 2014. D'earcaigh an t-Aonad réimse post sinsearacha gairmiúla sa Státseirbhís, le hÚdaráis Áitiúla agus san earnáil phoiblí i gcoitinne. Dhaingnigh an t-aonad réamh-agallaimh agus agallamh deiridh a úsáid do phoist ag leibhéal an Phríomhoifigigh agus sa staid dheiridh bhí cur i láthair a rinne na hiarrthóirí agus moladh 118 iarrthóir le linn 2014.

Thug an t-aonad isteach measúnú pearsantachta mar chuid den earcaíocht do phoist áirithe.

Earcaíocht do Chomhairligh Ospidéil


Cuireadh tús le hathbheithniú sa bhliain 2013 faoi conas a earcaíonn PAS comhairligh ospidéil mar chuid den tionscadal Lean Six Sigma a léirigh go raibh cúpla slí chun feabhas a chur ar an phróiseas agus chun an próiseas a chomhlíonadh níos gasta. Léirigh sé dhá réimse ar leith ina raibh deacrachtaí agus sin deacrachtaí maidir le boird roghnaithe a chur le chéile agus an t-am a thóg sé seiceálacha faoi charachtar agus faoi chúrsaí sláinte a chomhlíonadh.

Tháinig an scála tuarastail nua do chomhairligh a ceapadh le déanaí i bhfeidhm ar an 1 Meán Fómhair 2014 agus ina dhiaidh sin d'fhógair an tAire Sláinte go raibh plean ann 200 post nó níos mó a líonadh.

Leis na forbairtí seo ar fad agus trí na seacht nGrúpa Ospidéil a bhunú, chuir na páirtithe leasmhara ar fad leis an phróiseas a raibh sé mar sprioc aige seirbhísí níos fearr a sholáthar don saoránach. Socraíodh le FnaSS conas a chuirfí boird roghnaithe le chéile agus faoi cé chomh mór agus a bheadh siad; dá bharr sin beidh comhsheasmhacht agus struchtúr níos fearr maidir le cur le chéile na mbord amach anseo agus táthar ag súil go dtógfaidh sé níos lú ama comhairligh a earcú. Mhéadaigh an t-éileamh maidir le poist a líonadh agus maidir le deacrachtaí earcaíochta i roinnt speisialtachtaí agus dá bharr sin, díriodh níos mó ar iarrthóirí oiriúnacha a fháil trí chuardach inmheánach, fógraí sna páipéir agus suíomhanna gréasáin.

Tá na huimhreacha do 2014 leagtha amach thíos

Comhairligh Leighis 2014




Gníomhaíocht Ath-implonaithe 2014

Tá beartas an Rialtais dírithe ar acmhainní seirbhíse poiblí a ath-eagrú chun díriú ar na réimsí is mó gá. Bainistíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an próiseas atheagraithe seo don Státseirbhís agus do Ghníomhaireachtaí Neamh-thráchtála Stáit. Tugtar tacaíocht don phróiseas seo trí oibriú i gcomhar le Ranna/Oifigí agus gníomhaireachtaí stáit agus trí fheabhas a chur go gníomhach le beartas, seirbhísí agus córais.

Lean PAS ag cabhrú le soláthar na seirbhíse seo le linn 2014. I mí Mhárta, bhí seisiún eolais ar siúl d'Oifigigh teagmhála Ath-implonaithe. Léirigh seo athruithe mar thoradh ar an (Acht Leasaithe) um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht & Ceapacháin) 2013, a cheadaigh aistriú idir rannóga do phróiseas Ath-ainmnithe ina dhiaidh. Mar thoradh ar an chruinniú seo, cuireadh grúpa oibre le chéile chun liosta cuimsitheach eolais a dhréachtú agus a chomhaontú, a bheadh ag teastáil ó eagraíocht a bheadh ag glacadh daoine, chun cabhrú le daoine a ath-ainmniú, go háirithe ó rannóg go rannóg. Cuireadh an Fhoirm Riaracháin Ath-ainmnithe seo san áireamh san Fhoireann Uirlisí Ath-implonaithe a d'éisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Gníomhaíocht na bliana 2014



Boird Stáit

Le roinnt blianta, chuir PAS seirbhís fógraíochta ar fáil maidir le folúntais ar Bhoird Ghníomhaireachtaí Stáit. Bhain roinnt Ranna Rialtais úsáid as cé gur úsáid Ranna eile folúntais ar a suíomhanna gréasáin féin. Mar chuid den tseirbhís seo, bhailigh PAS iarratais a fuarthas tríd pubicjobs.ie agus cuireadh ar aghaidh iad chuig na Ranna cuí do mheasúnú.

Ar an 30í Mheán Fómhair 2014, shocraigh an Rialtas go ndéanfaí ceapacháin chuig Boird Stáit amach anseo trí phróiseas oscailte agus trédhearcach agus go mbeadh baint ar leith ag PAS leis an phróiseas sin. Tar éis don Rialtas an socrú sin a dhéanamh, d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe “Treoirínte faoi Cheapacháin chuig Boird Stáit”. Faoi na Treoirínte seo, tá freagracht lárnach ag PAS maidir leis an phróiseas nua a oibriú go héifeachtach.

Mar a léiríonn na treoirlínte, tugadh an ról seo do PAS mar go bhfuil sé cruthaithe ag PAS go bhfuil siad fíor-chumasach maidir le ceapacháin phoiblí. Tuigtear go bhfuil saineolas maidir le measúnú ag PAS agus aithnítear go bhfeidhmíonn siad go neamhspleách agus go cothrom i ngach gné d'earcaíocht.

Faoi na Treoirlínte nua, tá PAS freagrach as critéir shoiléire a fhorbairt agus a chomhaontú maidir le gach ról Boird folamh, leis an Roinn agus le Cathaoirleach an Bhoird den ghníomhaireacht Stáit áirithe sin. Chomh luath agus a chomhaontaítear iad sin, foilsítear na critéir ar shuíomh gréasáin an Bhord Stáit ag www.stateboards.ie ar feadh trí seachtaine. Bailítear gach léiriú spéise ansin agus déanann PAS maoirseacht ar phróiseas measúnaithe neamhchlaonta lena chinntiú go ndéantar measúnú ar na hiarrthóirí ar fad de réir na gcritéir a foilsíodh. Tar éis an mheasúnaithe, cuirtear liosta d'iarrthóirí a d'fhéadfaí a cheapadh chuig an Roinn cuí.

Ní raibh ach cúpla seachtain ag PAS chun an próiseas seo a chur i bhfeidhm ón am a ndearna an Rialtas an cinneadh agus an t-am a foilsíodh na treoirlínte nua. Forbraíodh suíomh gréasáin nua Boird Stáit chun gur féidir léiriú spéise a fhógairt agus chun iarratais a chur faoi bhráid tríd PAS. Cheap agus d'fhoilsigh PAS ceistneoir féinmheasúnaithe do ról ar Bhoird Stáit gur féidir le hiarrthóirí a mbeadh suim acu i mBoird Stáit, a scileanna a mheas roimh iarratas a dhéanamh. Cuireadh foireann bheag de bhaill foirne le chéile chun na próisis oibre a dhearadh agus a bhainistiú agus d'oibrigh siad chun dea-chumarsáid a bhunú leis na hOifigigh Teagmhála a cheapadh le déanaí i ngach Roinn Stáit.

Rachaidh an clár oibre tosaigh seo chun cinn chun daoine a chur ar an eolas faoi phróiseas ceapacháin na mBord Stáit in 2015.

Faoi dheireadh na bliana 2014, bhí PAS ag próiseáil 33 phost folamh i naoi mBord Stáit. San áireamh bhí ocht bhfolúntas ar an Choimisiún um Phá Íseal agus ar Bhord Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann chomh maith le ceithre fholúntas ar bhord Ervia agus ar bhord an Strategic Banking Corporation of Ireland. Bhí PAS ag obair fosta chun folúntais a líonadh ar bhord Ospidéal Pháirc Bhaile na Lobhar chomh maith leis an phost mar Chathaoirleach ar bhord Ospidéal San Séamus.

Fócas ar Chustaiméirí

Tá clár i bhfeidhm ag PAS chun measúnú a dhéanamh ar cad a bhain na Caighdeáin Soláthar Seirbhíse amach (mar atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus sa Ráiteas Straitéise). Déanann an Fhoireann Bhainistíochta measúnú ar na tuairiscí maidir leis na caighdeáin seo a bhaint amach go rialta, agus déanann Bord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí (PAS) a measúnú orthu gach ceathrú.

Shocraigh PAS caighdeáin dhiana chainníochtúla maidir le seirbhís a sholáthar do ghrúpaí custaiméirí difriúla.

Déanann PAS roinnt suirbhéanna bliantúla ar chustaiméirí lena fháil amach an mbaintear amach na caighdeáin sheirbhíse atá leagtha amach do na grúpaí seo agus cad a cheapann na grúpaí seo de na seirbhísí ar fad a chuirtear ar fáil. San áireamh sna suirbhéanna tá Cliant, Ball den Bhord Roghnaithe, Suirbhéanna na nIarrthóirí agus na mBall Foirne. Tugtar tuairisc ar thoradh na Suirbhéanna ar Chustaiméirí don Bhord.

Tá Comhaontú Leibhéal Seirbhíse na gCliant i bhfeidhm do na cliant mhóra ar fad agus cuirtear pleananna tionscadail i bhfeidhm do gach feachtas eile.

Teagmháil le Cliant

I suirbhé na gcliant na bliana 2014, cé nach bhfuarthas a lán freagraí, bhí leibhéal ard sástachta le PAS, agus san áireamh bhí:

- › 100% sástacht le caighdeán na mball foirne a shann PAS
- › 100% sástacht lenár dtuiscint ar riachtanais earcaíochta na gcliant
- › 100% sástacht le fiúntas a cuir PAS leis
- › 87.5% sástacht leis an fad ama chun riachtanais na gcliant a chomhlíonadh
- › 100% sástacht le caighdeán na comhairle a thug an fhoireann
- › 87.5% sástacht le héifeachtacht ag plé le ceisteanna ó dhaoine.

Bunaíodh córas chun an t-am a thógann sé duine a chur i bpost do gach feachtas a thomhas agus déantar monatóireacht ar an dul chun cinn maidir le spriocanna a bhaint amach tríd ár bhfóram inmheánach um chaighdeáin. Ar an mheán tógann sé 12 sheachtain post feidhmiúcháin sinsearach a líonadh, agus 15 sheachtain chun post gairmiúil agus teicniúil a líonadh.

Daingníodh clár bainistíochta na gcliant trí bhainisteoir ainmnithe do chliant (ag leibhéal sinsearach) a shannadh do gach eagraíocht cliant. Tháinig an chuid is mó de theagmháil agus d'íarratais ar chabhair d'fheachtais earcaíochta nó d'fhiosrúcháin tríd an chóras seo sa bhliain 2014.

Tagann an chuid is mó dár gcliant chuig PAS chun cabhair a fháil maidir lena gcuid riachtanas earcaíochta agus ba mhaith leo go mbeadh páirt níos mó ag PAS leo i dtaca le réimsí taobh amuigh de na gnáth-réimsí, dá mbeadh áiseanna PAS ar fáil dó. Déantar cinntí maidir le cabhair a thabhairt i gcásanna dá leithéid ó chás go chás de réir mar atá ualach oibre PAS ag an am áirithe sin.

Aiseolas an Iarrthóra

Ar an iomlán léirigh suirbhé na bliana 2014 go raibh iarrthóirí an-sásta ar fad. Tá na torthaí leagtha amach thíos. Tabharfar tús áite maidir le caighdeán an aiseolais sa bhliain 2015 a scrúdú.

(Feachtais Ardbhainistíochta & Ghairmiúla/Theicniúla - 432 freagra)

Caighdeán & In Am	Ráta Freagraí Dearfacha	Ráta Freagraí Diúltacha
Sástacht le réamh-fhógra maidir leis an agallamh	88%	12%
Sástacht le ham chun torthaí a chur amach	84%	16%
Sástacht le teanga sa chomhfhreagras	87%	13%
Sástacht le caighdeán na gceisteanna san agallamh	78%	22%
Sástacht le cothrom na féinne san agallamh	75%	25%
Sástacht le caighdeán an aiseolais a fuarthas	47%	53%
Sástacht leis an am a tógadh aiseolais a chur amach	80%	20%
Plé leis an Fhoireann		
Sástacht le leibhéal agus caighdeán an eolais a thug an fhoireann	85%	15%
Sástacht le cuidiú ó na baill foirne	90%	10%

(Feachtais ina raibh Líon Mór Iarratas - 1,401 freagra)

Caighdeán & In Am	Ráta Freagraí Dearfacha	Ráta Freagraí Diúltacha
Sástacht le réamh-fhógra maidir leis an tástáil(acha)	90%	10%
Sástacht le réamh-fhógra maidir leis an agallamh	87%	13%
Sástacht le hábharthacht na gceisteanna sa tástáil	71%	29%
Sástacht le ham chun torthaí a chur amach	84%	16%
Sástacht le ham chun torthaí agallaimh a chur amach	89%	11%
Sástacht le teanga sa chomhfhreagras	95%	5%
Sástacht le caighdeán na gceisteanna san agallamh	89%	11%
Sástacht le cothrom na féinne san agallamh	90%	10%
Sástacht le caighdeán an aiseolais	70%	30%
Sástacht leis an am a tógadh aiseolais a chur amach	85%	15%
Plé leis an Fhoireann		
Sástacht le leibhéal agus caighdeán an eolais a thug an fhoireann	90%	10%
Sástacht le cuidiú ó na baill foirne	93%	7%

Aiseolas ó Bhaill an Bhoird Roghnaithe

Ar an iomlán léirigh suirbhé na bliana 2014 go raibh iarrthóirí an-sásta ar fad le gach réimse. Tá na torthaí leagtha amach thíos. Lorgaíodh aiseolas sa bhreis ó gach ball den bhord roghnaithe faoi nár seirbhísí agus faoi mholtaí chun feabhas a chur ar chúrsaí. Fuarthas roinnt mhaith aiseolais a bhí dearfach agus tá na moltaí gur féidir a dhéanamh á gcur i bhfeidhm in 2015 mar chuid de phlean gníomhaíochta shuirbhé bhaill an bhoird roghnaithe.

Caighdeán agus Am Feithimh na bPróiseas agus Doiciméadú	Ráta Freagraí Dearfacha	Ráta Freagraí Diúltacha
Doiciméid faighte in am d'ullmhúchán	92%	8%
Sástacht le doiciméid tacaíochta	96%	4%
Sástacht le hoiliúint/nótaí a tugadh	87%	13%
Tugadh dóthain deiseanna d'iarrthóirí a n-oiriúnacht a léiriú	96%	4%
Sástacht le bearta chun rúndacht an phróisis a chinntiú	100%	0%
Plé leis an Fhoireann		
Sástacht le seirbhís ón fhoireann	98%	2%

Aiseolas a tugadh:



“Cheap mé go raibh an próiseas an-ghairmiúil agus go raibh measúnú na n-iarrthóirí neamhchlaonta agus cothrom. Ba chóir PAS a mholadh as córas trédhearcach agus cothrom a chur i bhfeidhm, a chinntiú go bhfuil deis chothrom ag gach iarrthóir”



“Bhí mé páirteach i gcúig phróiseas roghnaithe ó dheireadh na bliana 2013. Déarfainn go raibh siad ar fad cothrom, dúshlánach do na hiarrthóirí, agus dírithe i gcónaí ar an duine ceart a roghnú.”

Roghanna Leictreonacha

Sa bhliain 2014 díriodh ar pháipéar a bhaint as an phróiseas agus ar sheirbhísí sa bhreis a sholáthar go leictreonach.

Ábhar d'Agallaimh Dhigiteacha

Tugadh isteach PCnna Táibléid ina raibh Aip do Bhaill na mBord le húsáid do ghearrliostú agus/nó chun iarrthóirí a chur faoi agallamh. Léiríonn an t-eolas thíos cuid den tsábháil a d'fhéadfaí a dhéanamh trí ábhar leictreonach a úsáid in agallaimh. Tógadh meán ó ocht bhfeachtas agus thóg sé timpeall 40 nóiméad do bhaill foirne TE cruinniú a ullmhú, doiciméid a aistriú, doiciméid a uaslódáil agus na táibléid a ullmhú. Má thógann próiseas páipéir oiread agus seacht n-uaire a chloig na doiciméid a ullmhú (i bhformáid ilchineálach), nó trí huair a chloig nuair atá na doiciméid i bhformáid PDF, is féidir 90% nó 78% faoi seach ama a shábháil, san am a thógann sé doiciméid a phróiseáil. Léiríonn an graf thíos an t-am ar leith do phróiseáil.



Tá spriocanna á socrú faoi láthair maidir leis an teicneolaíocht seo a úsáid amach anseo agus tá sé beartaithe go n-úsáidfead é 100% ar bhoird agallamh roimh lár na bliana 2015.

Leasú STAR

Is é an córas STAR is mó a stiúran an próiseas earcaíochta san eagraíocht. Rinneadh athruithe suntasacha ar STAR in 2014. Rinneadh na hathruithe seo chun cabhrú leis an athrú ó scrúduithe ar pháipéar chuig measúnú ar líne. Is féidir le STAR déileáil anois le feachtais mhóra chasta, ina bhfuil staideanna éagsúla chomh maith le roinnt mhaith fo-fheachtas. Tá STAR níos solúbtha fosta anois maidir le foirmeacha iarratais, CVnna srl., a chur isteach d'fheachtais. Is féidir le STAR anois sonraí faoi dhiseanna comhionannais i bhfeachtais a bhailiú.

D'fhorbair PAS leagan soghluaiste de shuíomh gréasáin Publicjobs.ie. Dá bharr sin is féidir le hiarrthóirí an suíomh a aimsiú ar tháibléid agus ar theileafóin chliste.

I suirbhé na n-iarrthóirí sa bhliain 2014, léiríodh sástacht fíor-ard le publicjobs.ie.

(Feachtais Ardbhainistíochta & Ghairmiúla/Theicniúla)

Suíomh Gréasáin	Ráta Freagraí Dearfacha	Ráta Freagraí Diúltacha
Éascaíocht úsáide	89%	11%
Caighdeán an eolais	92%	8%

(Feachtais ina raibh Líon Mór Iarratas)

Suíomh Gréasáin	Ráta Freagraí Dearfacha	Ráta Freagraí Diúltacha
Éascaíocht úsáide	94%	6%
Caighdeán an eolais	95%	5%

Measúnú ar Líne

Rinneadh forbairtí móra sna próisis mheasúnaithe chun líon mór iarratas ar fheachtais a bhainistiú chomh héifeachtach agus is féidir. Sa bhliain 2014, rinne PAS tástáil ar 50,000 duine trí thrialacha ar líne agus fuarthas amach cad a oibríonn go héifeachtach maidir le trialacha ar líne. As an eolas a fuarthas amach, is féidir le PAS dea-chomhairle a thabhairt d'iarrthóirí lena chinntiú gur eachtra dearfach iad na trialacha ar líne. Cé nach raibh gach duine sásta leis an choincheap ar dtús, léiríonn aiseolas ó iarrthóirí, tríd is tríd, gur fearr le hiarrthóirí a dtrialacha ar líne a dhéanamh ina n-am féin. Tá monatóireacht leanúnach ar siúl faoi conas atá ag éirí le tástáil ar líne lena chinntiú go bhfuil na measúnuithe ag obair mar ba cheart agus go ndéanann daoine atá ag dul ar aghaidh chuig staideanna eile, (san ionad measúnaithe de ghnáth), trialacha faoi mhaoirseacht lena chinntiú go bhfuil an córas measúnaithe láidir.

Chuir PAS creat soláthair i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil painéal de sholáthraithe do thástáil ar líne i bhfeidhm, agus rinne roinnt de na soláthraithe sin athruithe lena gcórais mar thacaíocht don tslí seo (m.sh. cuidiú le tástáil d'iarrthóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu).

Sa chás thíos déantar comparáid idir an feachtas deiridh do chéimithe roimh an moratóir agus an chéad fheachtas ó cuireadh deireadh leis an mhoratóir agus léiríonn sé an éifeachtúlacht a baineadh amach trí aistriú chuig tástálacha ar líne.

Feachtas	Líon a rinne Iarratas	Líon a cuireadh faoi Thástáil Ar Líne	Líon daoine a Rinne Tástáil faoi Mhaoirseacht	% a Chríochnaigh na Tástálacha	% Daoine a Rinne Tástáil faoi Mhaoirseacht
OF/Treas Rúnaí 2008	5709		3041	53%	53%
OR 2014	5315	4422	103	83%	2%

Críochnaíodh an obair chun an áis do thástáil inmheánach (an SMART CENTRE) a fheabhsú. Is féidir an t-infreastruchtúr nua a bhainistiú agus a thabhairt chun dáta go lárnach agus mar thacaíocht do réimse leathan measúnuithe ar líne.

Eolas agus Saineolas a Roinnt

Tá PAS mar chuid de na gréasáin/grúpaí tábhachtacha seo:

- › Clár Athnuachana na Státseirbhíse
- › Gréasán Oifigigh Pearsanra na Státseirbhíse
- › Gréasán an Rúnaí Cúnta
- › Cumann Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin na nGníomhaireachtaí Stáit
- › Grúpa Oibre d'Oiliúint SPS
- › Ceannasaí Gréasán TCF
- › Gréasán Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí
- › Clár Forbartha do Chéimithe

Forbairt Measúnaithe

Chomhlíon PAS clár forbartha d'uirlisí roghnaithe nua sa bhliain 2014. Tá PAS chun cinn maidir le ceistneoirí measúnaithe ar líne a fhorbairt agus tá siad an-éifeachtach mar uirlis scagtha in éineacht le tástálacha ar líne. Sa bhliain 2014, chuir PAS ceistneoirí scagtha ar líne i bhfeidhm do na feachtais seo, Garda faoi Oiliúint, Oifigeach Feidhmiúcháin agus Oifigeach Riaracháin. D'fhorbair PAS cleachtaidh measúnaithe ar leith do Staitisteoir, Iniúcháir faoi Oiliúint agus Céimí Eacnamaíochta i IGEEs.

Tá staidéar fadaimseartha ar siúl faoi láthair maidir le ceistneoirí faoi phearsantacht d'earcaíocht don Gharda Síochána. Ghlac ochtó de na hoiliúnaithe a roghnaíodh le déanaí páirt sa staidéar ina raibh orthu dhá cheistneoir faoi phearsantacht a chomhlíonadh. Déanfar anailís ar na torthaí agus déanfar comparáid idir iad agus a dtorthaí sa phróiseas measúnaithe chun cinneadh a dhéanamh an gcuirfeadh ceistneoirí pearsantachta san áireamh i bhfeachtais an Gharda faoi Oiliúint amach anseo.

Lean PAS le tagarmharcáil leanúnach ar chleachtas maidir le measúnú, chomh maith le freastal ar chomhdhálacha sa réimse, chuir duine d'ár síceolaithe páipéar i láthair ag Rannóg na Síceolaíochta Gairme de Chumann Síceolaíochta na Breataine sa Bhreatain agus tugadh ard-mholadh dó.

Sa bhliain 2014 thug PAS síceolaí ar iasacht ar feadh trí bliana don Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) mar chuid de chlár an AE, NEPT (National Experts in Professional Training). Is é EPSO an foras roghnaithe don chuid is mó de phoist in Institiúidí an AE. Sannadh an síceolaí leis an stiúrtóireacht straitéiseach a shocraíonn an straitéis agus a dhéanann taighde ar réimse tábhachtach eagraíochta i dtaca le roghnú. Tá ard-mheas ar na próisis measúnaithe a úsáidtear in Éirinn agus úsáideann EPSO agus an tAontas Eorpach PAS mar thagarmharcáil maidir le slite measúnaithe. Bhí an iasacht an-tábhachtach maidir le caidreamh a chothú idir Éirinn agus EPSO, go háirithe leis an bhéim faoi láthair ar chinntiú go ndéanann neart iarrthóirí Éireannacha iarratais ar Institiúidí an AE. Tá an ball foirne seo ag obair fós sa réimse seo le Roinn an Taoisigh agus le páirtithe leasmhara eile a bhaineann le poist an AE.

Ár nDaoine

Rinne PAS athstruchtúir ar na baill foirne sa bhliain 2014 chun an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní agus lena chinntiú go raibh na foirne earcaíochta solúbtha agus go raibh sár-scileanna acu. D'úsáid PAS acmhainní sealadacha ó eagraíochtaí na gcliant ar thug PAS oiliúint dóibh, rud a d'fhág go raibh PAS in ann sár-sheirbhís earcaíochta a sholáthar do na cliant sin agus chun déileáil le héilimh ar na seirbhísí nach mbeifí ag súil leo.

Oiliúint agus Forbairt

Bhí dhá sheisiún traenála ar siúl sa bhliain 2014 d'ionadaithe seachtracha de chuid PAS agus reáchtáladh saotharlann le Cathaoirligh na mBord Roghnaithe.

Tá sé beartaithe ag PAS caighdeán gairmiúil earcaíochta a bheith i bhfeidhm do gach ball foirne; tugadh oiliúint do 27 ball foirne go dtí seo maidir le Lean/Six Sigma agus tugadh oiliúint do 18 ball foirne i dTástáil Shíciméadrach A & B. Tá roinnt de na tionscadail thanaí i bhfeidhm ag na baill foirne a bhfuil an oiliúint críochnaithe acu. Chuir na tionscadail seo feabhas ar na réimsí seo, earcaíocht d'fheidhmeannaigh shinsearacha; cinntí a dhéanamh maidir le hiarratais ar fheachtais; tacaíocht sa bhreis do chliant chomh luath agus a fhaightear iarratas; agus caighdeán a shocrú do phróisis i réimsí agus i gcórais éagsúla. Tá Foireann Leasaithe Gnó freagrach as na struchtúir agus na modhanna tacaíochta a chabhróidh leis an mhodh tanaí seo a cur i bhfeidhm.

Tagarmharcáil Bhainistíocht na nAcmhainní Daonna

D'éirigh go maith le PAS i measúnú bliantúil an NSAI maidir le creidiúnú Sár-Fheabhas Trí Dhaoine. Bhí an Measúnóir ar an láthair ar feadh lá amháin agus d'fhéach sé ar fhianaise scríofa maidir leis an chaighdeán nua a chomhlíonadh agus labhair sé le baill foirne áirithe san oifig. Scrúdaigh an Measúnóir trí cinn den sé réimse agus chuir sé leis na moltaí a rinneadh sa mheasúnú iomlán i mí Mheán Fómhair 2013. Ní dhearnadh moltaí maidir le feabhas a chur i bhfeidhm sa bhliain 2014.

Comhionannas agus Éagsúlacht

Tá Comhionannas agus Éagsúlacht tábhachtach i ndearcadh na heagraíochta. Cinntíonn PAS é seo mar seo a leanas:

- › a chinntiú go bhfuil comhionannas i bhfeidhm maidir leis na modhanna measúnaithe agus roghnaithe nua;
- › monatóireacht maidir le comhionannas a dhéanamh ar gach triail ina raibh líon mór iarratas;
- › an Beartas Comhionannais agus Éagsúlachta; déanann an Grúpa um Mhonatóireacht Comhionannais monatóireacht ar chur i bhfeidhm (déanann siad monatóireacht fosta ar riachtanais an Achta Míchumais a chomhlíonadh);
- › san áireamh tá ceisteanna faoi Chomhionannas agus Éagsúlacht mar chuid den Chlár Corparáideach Ionduchtaithe do gach ball foirne nua; agus oiliúint maidir le Feasacht Míchumais agus Feasacht Éagsúlachta a sholáthar do bhaill foirne;
- › Plean Gníomhaíochta Inrochtaine a chur i bhfeidhm;
- › an leabhrán dar teideal 'Features and services of the Public Appointments Service for customers with

special needs'. Léiríonn ár leabhrán eolais seo gnéithe éagsúla dár seirbhís earcaíochta inrochtana agus rochtain fhisiceach na hOifige i gcoitinne. Tá sé mar aidhm agus dírithe ar a chinntiú do chustaiméirí faoi mhíchumas go bhfuil na háiseanna agus na seirbhísí atá riachtanach againn chun gur féidir leo páirt a ghlacadh sa phróiseas earcaíochta is rogha leo go cothrom agus go neamhchlaonta. Tá an leabhrán ar fáil ar an suíomh gréasáin.

Teagmháil le Bail Foirne

Is féidir le PAS ualach fíor-mhór oibre a sholáthar mar gheall ar an solúbthacht agus ar an tiomantas a léiríonn na bail foirne. Cinntíonn PAS go bhfuil na bail foirne páirteach trí cheannaireacht, forbairt foirne agus cumarsáid ar bhonn leanúnach.

Chomhlíon PAS suirbhé sa bhliain 2014 a léirigh sástacht an-ard. Tá achoimre den suirbhé leagtha amach thíos. Cuireadh plean Gníomhaíochta i bhfeidhm chun déileáil le ceist ar bith a thiocthadh chun cinn agus chun moltaí a thiocthadh ó bhaill foirne a chur i bhfeidhm mar chuid den phróiseas, agus san áireamh moltaí a bhaineann le seirbhísí leasaithe do chustaiméirí seachtracha. Cuirfear an plean gníomhaíochta i bhfeidhm tríd an Choiste Comhpháirtíochta.

	% Aontaíonn go Láidir	% Aontaíonn	% Easaontaíonn	% Easaontaíonn go Láidir
Ligeann mo bhainisteoir dom a bheith freagrach as mo chuid oibre	54	41	5	
Taispeánann mo bhainisteoir dom go bhfuil sé/sí sásta nuair a oibrím go dian / nuair a dhéanaim iarracht sa bhreis	33	58	9	
Tugtar an oiliúint agus an fhorbairt dom chun mo chuid oibre a dhéanamh	28	57	11	4
Ceapaim gur áit oibre fholláin agus shábháilte m'áit oibre	37	54	7	2
Tá daoine san oifig sásta comhoibriú lena chéile	33	59	8	
Ceapaim go bhfuil meas ag daoine ar a chéile	28	68	4	
Ceapaim gur féidir liom mo stuaim féin a úsáid chun moltaí a dhéanamh chun feabhas a chur leis an obair a dhéanaim	28	61	9	2
Ceapaim go gcuireann an oifig áiseanna maithe ar fáil do bhaill foirne faoi mhíchumas	35	65		
Molaim PAS go mór mar fhostóir agus mé ag labhairt le daoine lasmuigh	33	61	4	2
Molaim PAS go mór faoin obair a dhéanaimid agus mé ag labhairt le daoine lasmuigh	44	52	2	2
Creidim go dtugaim seirbhís ar ardchaighdeán do gach custaiméir seachtrach	50	48		2
Bíonn an custaiméir go mór i m'intinn	28	68	4	
Déanaim iarracht ar leith d'ár gcustaiméirí	37	61	2	

Na háiseanna

Chuir PAS áiseanna ar fáil d'eagraíochtaí eile de chuid na seirbhíse poiblí, cuireadh 280 seomra ar fáil do chliaint sheachtracha sa bhliain 2014.

Aguisín

AGUISÍN I

Achoimre de Ghníomhaíocht Earcaíochta 1 Eanáir - 31 Nollaig 2014			
	Líon iomlán na n-larratas a fuarthas	Líon faoi Agallamh ag Réamh-agallaimh agus ag Príomh-agallaimh	Líon a hAinmníodh / a Moladh
Státseirbhís			
Cléireachais, Earcaíocht Shealadach san áireamh	41,257	4,687	2,357
Riarachán	7,078	597	269
Poist Ardbhainistíochta & Ghairmiúla/Theicniúla/Speisialtachta	4,612	841	124
Iomlán	52,947	6,125	2,750
Údaráis Áitiúla	1,019	275	39
An Eanáil Sláinte	488	61	90
Iomlán	1,507	336	129
Garda	24,803	624	295
Próisis a reáchtáladh do chomhlachtaí poiblí taobh amuigh de chúram an Achta um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004			
Údarás Uchtaithe na hÉireann	39	14	1
Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach an Ghormáin	63	20	1
SEAI	147	31	1
IHRC	72	36	3
NORA	104	22	2
Boird Stáit	959		
Comhlachtaí Seirbhíse Poiblí Eile	1,532	382	99
Iomlán	2,916	505	107
An Coiste um Cheapacháin Ardleibhéil	Líon iomlán na n-larratas a fuarthas	Líon a Cuireadh faoi Agallamh	Líon na bhfeachtas a comhlíonadh
Iomlán	913	288	26

Seirbhísí Roghnaithe/Tástála a Soláthraíodh			
	Líon lomlán na n-larratas a fuarthas	Líon a cuireadh faoi Thástáil	
Altranas do Dhaoine Lánfhásta	1,648	1,325	
Iomlán	1,648	1,325	
Iomlán ar Fad	Líon na n-larratas	Líon a Cuireadh faoi Agallamh	Líon a Sannadh/Moladh
	84,734	7,878	3,304
	Líon lomlán na bhFeachtas a Fógraíodh 2014	Líon lomlán na n-larratas a fuarthas	
	342	84,734	


AGUISÍN II

Iarratais ar Athbhreithniú ar Achomhairc

D'fhoilsigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí na treoracha chun déileáil le hiarratais ar athbhreithniú ó iarrthóirí agus ar ghearáin ó iarrthóirí maidir le próisis na gceapachán. De ghnáth pléitear le hathbhreithnithe agus gearáin faoi Acht 7 agus 8 de Chód Cleachtais do Cheapacháin i bPoist sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí. Pléann Alt 7 le hiarratais ar athbhreithniú ar chinneadh a rinneadh maidir le hiarratas agus pléann Alt 8 líomhaintí gur briseadh an cód cleachtais. Seo a leanas na staitisticí do 2014 maidir le hAlt 7 agus a 8 araon:

Cuid 7	Cuid 8
73	11

Léiríonn an chart an briseadh síos de na staideanna roghnaithe a bhaineann le hiarratais do athbhreithnithe faoi Alt 7.



AGUISÍN III

Léargas ar Úsáid Fuinnimh sa bhliain 2014

Baineann úsáid fuinnimh don chuid is mó le téamh/soilsiú agus uisce a chur ar fáil san oifig in Áras na Caibidle. Sa bhliain 2014 d'úsáid PAS 1,220.99 MWh d'fhuinneamh mar leanas:

- 896.87 MWh leictreachais;
- 260.39 MWh de bhreoslaí iontaise;
- 0 MWh de bhreoslaí in-athnuaite.

Gníomhaíochtaí a Rinneadh sa bhliain 2014

In 2014 rinne PAS bearta éagsúla chun úsáid fuinnimh a fheabhsú, mar a leanas:

- Cuireadh baill foirne ar an eolas faoi fhuinneamh a shábháil trí fhógraí agus trí mheabhrúcháin faoi fhuinneamh a úsáid
- Súil ghéar agus srian a choinneáil ar úsáid fuinnimh lena n-áirítear idirghabhálacha de lámh le rialtán an chórais téimh
- Baineadh amach laghdú de 23.52 MWh ar úsáid leictreachais 2013
- Baineadh amach laghdú de 40.21 MWh ar úsáid bhreoslaí iontaise 2013

Gníomhaíochtaí atá pleanáilte do 2015

Tá sé beartaithe ag PAS sa bhliain 2015 feabhas a chur le húsáid fuinnimh mar a leanas:

- Baill foirne a choinneáil ar an eolas go leanúnach maidir le fuinneamh a shábháil.
- Idirghabháil a dhéanamh de lámh ar bhun leanúnach ar rialtán an chórais téimh go dtí go mbeidh córas bainistíochta foirgnimh i bhfeidhm.
- Cuireadh Foireann chun Fuinneamh a Shábháil in áit do bhaill foirne ar fud na heagraíochta

AGUISÍN IV

CAITEACHAS

		2014
		Caiteachas
		€000
i	Tuarastal, pá agus liúntais	4,437
ii	Taisteal agus cothabháil	55
iii	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	174
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	117
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TE seachtracha	847
vi	Costais foirgnimh oifige	215
vii	Costais earcaíochta - taighde agus rialáil chorparáideach	13
viii	Costais earcaíochta - fógraíocht agus tástáil	761
ix	Costais earcaíochta bhoird agallaimh	550
		7,169

